
# imeachtaí

**Cumar 2004** Máistir Ranganna ceoil/amhránaíochta/damhsa/litríocha béil don Óige
*15-18 Aibreán Seanscoil Sailearna, Indreabhán, Conamara*
*Tuilleadh eolais:* 091 553124

**Tionscnamh Lugh** Coirm cheoil le Chris Newman & Máire Ní Chasaide
*Ionad Cois Locha, Dún Lúiche, Co. Dhún na nGall*
*Dé Céadaoin, 21 Aibreán*

**Cúirt Chois Fharraige** Na filí **Jaan Kaplinski** (An Eastóin), **Piotr Sommer** (An Pholainn), **Robyn Rowland** (An Astráil) agus **Dara Ó Conaola** (Inis Oírr). Amhránaíocht – **Lasairfhíona Ní Chonaola**



Piotr Sommer; Jaan Kaplinski

*Dé Sathairn 24 Aibreán*
9.30 a.m. Bus ag fágáil Kinlay House, Merchant's Road. Fágfar Inis Oírr ag 4.30 p.m. Sroichfear Ros a' Mhíl ag 5.45 p.m. Sroichfear Gaillimh ag 6.30 p.m. Táille: €25 (bus agus bád san áireamh) / €35 (lón san áireamh)
*Eolas:* Val Ballance, Áras Éanna 091 75150

**Féile na Bealtaine**
*1-9 Bealtaine, Corca Dhuibhne, An Daingean, Co. Chiarraí*
Ceoltóirí, amhránaithe, filí ón Eoraip
Snagcheol – Ceol Traidisiúnta – IMMA – Siompóisiam: Cultúir na dTíortha Nua san Aontas Eorpach – Siúlóid – Seó Sráide – Ceol Clasaiceach – Ceol ó ré na Nua Chlochaois agus Ré na Cré-Umha – Scannáin – Litríocht – Imeachtaí do pháistí
*Tuilleadh Eolais:* (066) 9151082

**Fuint Focal**
*7-9 Bealtaine Conamara*
Deireadh Seachtaine sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach don Óige
*Dé Satharn, 8 Bealtaine:* Filíocht – Prós – Ardán – Cumadh Amhrán
*8.00* **Ceolchoirm Mór leLouis de Paor & John Spillane, Tadhg Mac Donnagáin** agus ceoltóirí eile
*10.30 – 12.30 Dé Domhnaigh 9 Bealtaine* Scripteanna/Drámaí le Paul Mercier*
*12.30p.m. – 1p.m.* Teilgean drámatúil den Tóraíocht le Colmán Ó Raghallaigh
*Eolas:* Pléaráca 091 574 882

**Barr go Sáil**
*23 Bealtaine* Temple Bar Music Centre, Baile Átha Cliath (Féile Idirnáisiúnta Damhsa, Éireann) Oíche damhsa traidisiúnta le Seosamh Ó Neachtain, Máire Áine Ní Iarnáin, Páraic Ó hOibicín, Connie Mac a Luain agus Ann Conaghan agus Damhsóirí Seite Iarthar Chiarraí. Ceol le Seamus Ó Beaglaoich, Jimmy agus Peter Campbell agus Johnny Connolly.
Bean an Tí: Róisín Elsafty
*Tuilleadh eolais:* info@dancefestivalireland.ie 01 679 0524

**Féile Bealtaine**
Ceardlanna Filíochta faoi stiúir Louis de Paor
*10 a.m. – 1.00 p.m. Aoine 28 Bealtaine 2004*
Ionad Údarás na Gaeltachta, Baile an Mhuilinn, An Daingean, Co. Chiarraí
(Is gá do rannpháirtithe píosa scríbhneoireachta a chur ar fáil roimh ré ionas gur féidir treoir a chur ar lucht a scríofa.)
*10 a.m. – 1.00 p.m. Dé Sathairn 28 Bealtaine 2004*
Leabharlann Thrá Lí, Co. Chiarraí

**Ionad Cultúrtha, Baile Bhuirne**
*22 Aibreán* John Gibson – ceol clasaiceach
*13 Bealtaine* Tony MacMahon, Steve Cooney, Peadar Ó Riada – ceol traidisiúnta
*4-28 Bealtaine* TACAOIS – Taispeántas ealaíne ón Aosach
*27 Bealtaine* Kate Dineen Amhránaíocht Allacapella
Eolas:

**Altan & Cliar ar Chamchuairt in Éirinn**



*9-15 Meitheamh*
9 Dé Céadaoin: Béal Feirste
11 Dé hAoine: Na Gleannta, Co. Dhún na nGall
12 Dé Sathairn: An Fhairche, Co. na Gaillimhe
14 Dé Luain: Seanscoil Sailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe
15 Dé Máirt: Cúil Aodha

**An Gabha agus a Ghasúir**



Seó puipéad do ghasúir (4-12)
Halla Na Saoirse, Baile Átha Cliath
Dé Máirt 24ú Aibreán 2 sheó: 10.30 a.m & 12.30 p.m
Dé Céadaoin 25ú Aibreán 2 sheó: 10.30 a.m & 12.30 p.m
Déardaoin 26ú Aibreán 2 sheó: 10.30 a.m & 12.30 p.m
Dé hAoine 27ú Aibreán 2 sheó: 10.30 a.m & 12.30 p.m
Áirithintí: Halla na Saoirse BÁC 01-8721122
*Tuilleadh Eolais:* Darach Ó Tuairisg @ 087 2869925, nó 091 505926

**Féile Litríochta Iorrais**
Iúil Teach Iorrais, Gaoth Sáile, Co. Mhaigh Eo
*7.00 Dé hAoine 2 Iúil* Seoladh leis an Ollamh Enda McDonagh, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad – Léacht faoi JM Synge – An Dochtúir Ríona O'Dwyer, Ollamh le Béarla, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh – Ceol agus Filíocht leis an Rev Gary Hastings agus an tAthair Pat O'Brien
*10.30 Dé Satharn 3 Iúil* Cathal Ó Searcaigh – 12.00 Dr. Úna Ní Chuínn: Ceoltóirí agus Filí Mhaigh Eo san 18ú agus 19ú aois.
3.00 Nochtadh leice – Dán á léamh ag Charlie Bird
5.00 John Waters – léacht
8.00 Dinnéar na féile – ceol agus céilí mór
11.30 Dé Domhnaigh 4 Iúil Aifreann á chraoladh ar RnaG, Gaoth Sáile
12.30 Joseph Woods, File agus Stiúrthóir Éigse Éireann
Tuilleadh Eolais: Bridie Uí Chuinn, Stiúrthóir na Féile 097 83568





## Áisitheoirí Ealaíon Údarás na Gaeltachta

**Tír Chonaill:** Anna Ní Bhroin (075) 60100 a.nibhroin@udaras.ie
**Connacht & Co. na Mí:** Majella Ní Chríocháin (091) 503 197 mnichriochain@udaras.ie
**Mumhan:** Eibhlín de Paor (066) 9150100/ (026) 45366 e.depaor@udaras.ie
**Feidhmeannach Forbartha:** Mícheál Ó Fearraigh (075) 60100 m.fearraigh@udaras.ie

**EALAÍONA NA GAELTACHTA**
**An chéad eagrán eile: Iúil 2004**

Eisithe ag Ealaín na Gaeltachta Teo, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe ■ (091) 503197 ■ ealain@udaras.ie

## Cumar 2004



Méabh O'Hare

**Beidh neart ceoil agus spleodair in Indreabhán agus i gCamas i gConamara idir 15 agus 18 Aibreán 2004 agus Cumar faoi lán tseoil ann! Féile agus scoil sain-oiliúna sna healaíona dúchasacha atá i gCumar, áit a ndéantar ceiliúradh ar cheithre ghné de na healaíona dúchasacha: an amhránaíocht, an damhsa, an ceol agus an litríocht bhéil.**

**Is ar dhaoine óga idir 10-21 bliain d'aois atá ranganna Chumar ag díriú, ach tá fáilte roimh idir óg agus aosta ag na ceolchoirmeacha.**

**I measc mhúinteoirí na scoile i mbliana beidh na ceoltóirí Tommy Keane, Mary Staunton, June Ní Chormaic, Micheál Ó Ruanaigh, Conor Byrne, Méabh O'Hare, Caoimhín Ó Raghallaigh; an t-amhránaí sean-nóis Sarah Ghriallais; an fear agallamh beirte agus lúibíní Fearghas Mac Lochlainn; agus na damhsóirí cáiliúla ar an sean-nós, Annie Devaney agus Seosamh Ó Neachtain. Is trí Ghaeilge a reáchtáiltear na himeachtaí ar fad, idir ranganna agus cheolchoirmeacha. Tuilleadh eolais: 091 553124**

**Is iad Údarás na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon agus Raidió na Gaeltachta urraitheoirí Chumar.**

## fuint focal



Louis de Paor agus John Spillane

Beidh déagóirí ó na Gaeltachtaí éagsúla agus ó Ghaelscoileanna ag bailiú le chéile i gConamara idir 7 – 9 Bealtaine, áit a mbeidh siad ag tabhairt faoin scríbhneoireacht chruthaitheach, chomh maith le bheith ag cur aithne ar a chéile. Ar an Satharn, beidh siad ag glacadh páirt i gceardlanna filíochta, próis, scríbhneoireachta scripte/drámaíochta. Beidh na rannpháirtithe ag cumadh amhrán freisin, agus beidh deis acu na hamhráin chéanna a chasadh ag coirm cheoil mhór a bheas ar siúl oíche Dé Sathairn.

Beidh ardán ann ar maidin Dé Domhnaigh do dhuine ar bith den dream atá ag tógáil páirt lena gcuid ábhar a léamh. Beidh teilgean drámatúil ann freisin Dé Domhnaigh den leagan nuascríofa den Tóraíocht le Colmán Ó Raghallaigh.

Is iad na scríbhneoirí a bheas ag stiúradh na hoibre Jackie Mac Donnacha, Paul Mercier, Louis de Paor/John Spillane agus Tadhg Mac Dhonnagáin. Is iad Pléaráca atá ag reáchtáil an deireadh seachtaine seo mar chuid dá gclár litríochta don óige.

*Tuilleadh Eolais:* Máire Ní Chualáin, Pléaráca. 091-574882

*Tugadh tacaíocht do scéim litríocht Phléaráca faoin scéim Maoiniú Reatha na Comhairle Ealaíon*



Saothar le Denise Walker

## Ceardlann na gCroisbhealach

**Tá clár nuálaíoch spéisiúil á chur chun tosaigh ag gailearaí Cheardlann na gCroisbhealach ar an Fhál Charrach don bhliain 2004. Cuireadh tús le sceideal na bliana seo le taispeántas iontach de phriontaí móra le Denise Walker. Tá taispeántais leitheadach déanta ar shaothar an ealaíontóra seo, atá lonnaithe i nDún Éideann agus ar na mallaibh bhí sí ina healaíontóir cónaithe san Ulster Museum i mBéal Feirste.**

**Ar an 24 Aibreán, seolfaidh an gailearaí taispeántas darbh ainm '16' , de chuid saothar dhaltaí idirbhliana ó Phobalscoil an Fháil Charraigh. Ina dhiaidh sin, ar an 6 Meitheamh beidh taispeántas 'Aisbhreathnaitheach' ar siúl ag Teresa Kennedy, ealaíontóir áitiúil. Léireoidh an taispeántas seo saothar caoga bliain an ealaíontóra agus tabharfar aitheantas agus urraim don ghníomhaíocht ealaíne leanúnach a bhfuil Teresa ina bun ó tháinig sí go dtí an cheantar sna seachtóidí.**

*Tuilleadh eolais: 074 9165594 nó ceardlann@eircom.net*

## An Leabhar Mór





**Is lao é An Leabhar Mór de Leabhar Mór na hÉireann, ar lao é de Leabhar Cheanannais, de réir Malcolm MacLean ón eagras ealaíon Albanach, Proseach nan nEalan a bhí mar pháirtnéir le hÉigse Éireann i gcur le chéile an leabhair álainn seo.**

**Bhí Malcolm ar cuairt ag Theo Dorgan i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, áit a mbíodh Éigse Éireann roinnt blianta ó shin, agus é ag breathnú ar Leabhar Mór na hÉireann nuair a rith sé chuige go bhféadfaí a leithéid a dhéanamh le filíocht Ghaeilge na hÉireann agus Gaeilic na hAlban.**

**Beidh toradh na cainte sin le feiceáil i dtrí ionad in Éirinn ón 10 Iúil ar aghaidh nuair a thaispeánfar leathanaigh ón Leabhar Mór (dánta agus pictiúir) i gCeardlann na gCroisbhealach i bhFál Carrach, Co. Dhún na nGall; in Áras Éanna, Inis Oírr, Árainn agus ar Oileán Reachlainne amach ó chósta Aontroma.**

**Mar a tharlaíonn, beidh ceann de na healaíontóirí ar tugadh coimisiún di píosa ealaíne a chruthú don Leabhar i láthair nuair a sheolfar an taispeántas in Áras Éanna. Bhí Geraldine O'Reilly (ar glacadh léi mar bhall d'Aosdána i mbliana) mar ealaíontóir cónaithe in Inis Oírr go dtí Eanáir na bliana seo agus tá sí fós ag cur fúithi ar an oileán.**

**Tuilleadh eolais: Áras Éanna 099 75150; Ceardlann na gCroisbhealach 074 91 65594**

**Is féidir breathnú ar leathanaigh ón Leabhar ag www.archipelago.org/vol7-3/anleabharmor.htm**

## Sean-nós beo

**Amhráin na nDéise ar Fhód an Dúchais**

Áine Uí Cheallaigh, amhránaí a bhuaigh Corn Uí Riada faoi dhó ag Oireachtas na Gaeilge, a bheidh i mbun na sraithe, Sean-Nós Nua a dtionólfar an chéad seisiún de ar an gCéadaoin, Aibreán 21, ó 7.30 p.m. go dtí 9.30 p.m. i Meánscoil San Nioclás, An Rinn, Co. Phort Láirge.

Tionólfar seisiún eile ar an gCéadaoin, Bealtaine 12. Leanfar den tsraith san Fhómhar nuair a bheidh máistrí Déiseacha eile ag cur amhrán i láthair.

Sa chéad leath den oíche cuirfidh Áine ceann amháin d'amhráin na nDéise i láthair agus beidh deis acu siúd a bheidh i láthair é a fhoghlaim; sa dara leath beidh deis acu siúd a bheidh i láthair an t-amhrán sin a chanadh.

Deir Áine go bhfuil an tsraith dírithe ar 'éisteoirí, ar chantóirí agus ar chainteoirí' agus is cinnte nach beag an t-éileamh a bheidh ar an deis dhosháraithe seo le heolas níos doimhne a chur ar amhráin na nDéise.

Cuirfear fáilte roimh gach éinne ar spéis leo ábhar an chúrsa, cuma iad a bheith oilte san ábhar nó ar thóir buneolais.

*Tá an cúrsa maoinithe ag Údarás na Gaeltachta agus ag Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Phort Láirge. €2 an táille gach oíche.*

*Eolas: Proinsias Ó Drisceoil, Oifig Oideachas Ealaíon don Oirdheisceart: 056-7765103 nó 056-7751847. Meánscoil San Nioclás: 058-46464*

## Féile na Bealtaine

Is cinnte gur i gCorca Dhuibhne a bheidh an gabhar á róstadh ag tús mhí na Bealtaine, nuair a reachtáilfear an fhéile ealaíon bhliantúil sa cheantar – Féile na Bealtaine. Is é téama na bliana seo ná Cultúir na dTíortha Nua atá ag teacht isteach san Aontas Eorpach agus Cultúir na dTíortha Ceilteach.



Triny ag teacht chuig Féile na Bealtaine

I measc na n-ealaíontóirí ó na tíortha seo a bheas ag glacadh páirt san fhéile tá: Lokatos Sestet – grúpa ceoltóirí faoi stiúir an cheoltóra cáiliúil Roby Lakatos ón Ungáir; Triny, grúpa amhránaithe ón tSeic; scríbhneoirí ón bPolainn agus ón Eastóin agus amhránaithe ón mBriotáin. Beidh scannán ón tSlóvaic agus grianghrafanna ón tSlóivéin á thaispeáint agus beidh oíche fhilíochta ann le beirt ó na Tíortha Lochlannacha.

Beidh oíche Arab-Iosraelach ann freisin le ceol, amhránaíocht agus ealaín agus ar ndóigh beidh neart imeachtaí a thabharfaidh ardán do cheoltóirí agus do ealaíontóirí na tíre seo, go mór mór ealaíontóirí na Leithinse.

Tá comóradh deich mbliain á cheiliúradh ag Féile an Bealtaine i mbliana agus mairfidh an fhéile ón 1-9 Bealtaine.

*Eolas:* (066) 9151082

*Tugtar tacaíocht don fhéile faoin Scéim na bhFéiltí (Údarás na Gaeltachta) agus faoin scéim Maoiniú Reatha (An Chomhairle Ealaíon)*

## Luí na Gréine



Joe Mhicí Jimmy Mac Grianna

Ní rómhinic a sheoltar dlúthdhiosca fideogaí agus feadóg mór. D'fháiltigh Mairéad Ní Mhaonaigh go mór roimh 'Luí na Gréine', dlúthdhiosca úr Joe Mhicí Jimmy Mac Grianna, agus í ag seoladh an dlúthdhiosca i dTábhairne Leo in Anagaire le gairid.

Is é Joe é féin a d'eisigh an ceirnín seo agus tá an taifead, an léiriú, agus an meascadh déanta ag Manas Lunny. I measc na gceoltóirí eile atá ar an dlúthdhiosca tá Manas féin, Michael McGoldrick, Stephen Campbell, John Michael Ó Domhnaill agus Joe Óg Mac Grianna.

Tá an dlúthdhiosca seo ar chomhchéim le ceirníní móra eile fideogaí, macasamhail Tom McHale, Mary Bergin agus Seán Ryan. Cuireadh páirt-thacaíocht ar fail don léiriú seo ó scéim sparántachta do dhlúthdhioscaí ceoil traidisiúnta a bhí á chur ar fáil ag Foinn Chonallacha – fochomhlacht de chuid Údarás na Gaeltachta.

*Tuilleadh eolais:* Joe Mhicí Jimmy Mac Grianna 074 95 48280/ Foinn Chonallacha 074 91 65598

# Fíbín: An Gabha agus a Ghasúir

**Is iad Mícheál Ó Domhnaill (stiúrthóir agus léiritheoir teilifíse), Ali Mac Aindreasa (aisteoir stáitse agus teilifíse) agus Darach Ó Tuairisg (aisteoir, láithreoir teilifíse agus puipéadóir) atá mar stiúrthóirí ar chomhlacht nua amharclannaíochta a bunaíodh le déanaí i gConamara. Mar a mhínigh Darach Ó Tuairisg:**

**"Is é an fhís atá ag Fíbín ná drámaí agus seónna puipéad den ardchaighdeán a chur ar fáil trí Ghaeilge do ghasúir, don aos óg agus don phobal i gcoitinne agus fostaíocht a chruthú do phuipéadóirí, aisteoirí, drámadóirí agus dearthóirí na Gaeltachta."**



**Léiríodh an chéad seó s'acu, 'An Gabha agus a Ghasúir' san Earrach agus tá sé feicthe anois ag breis is 3,000 gasúr. Seó den scoth atá ann agus baineadh úsáid as saineolaithe puipéad agus amharclannaíochta, macasamhail Ron Goodall (Macnas, Footsbarn Theatre Company), dearthóir den chéad scoth (Dara McGee) agus foireann an-láidir aisteoireachta agus puipéadóireachta (Pádraig Ó Tuairisg, Darach Ó Tuairisg, Ali Mac Aindreasa, Bairbre de Barra) i bhforbairt an seó.**

**Tá ardchaighdeán gairmiúlachta bainteach leis an léiriú agus is é ceann de na seónna is fearr do ghasúir é a facthas le blianta fada anuas.**

**Fuair stiúrthóirí Fhíbín a gcuid oiliúna ar chúrsa a d'eagraigh an tÚdarás, Telegael agus Eo Teilifís roinnt blianta ó shin agus traenáladh iad faoi stiúir Hensons, na puipéadóirí is cáiliúla ar domhan a thug The Muppet Show agus Sesame Street ar an teaghlach chugainn.**

**Ceann de na gnéithe is luachmhaire faoin seó ná go bhfuil sé bunaithe ar sheanscéal dúchasach agus go bhfuil sé curtha i láthair ag cainteoirí dúchasacha/líofa na Gaeilge.**

**Tá an seó ceannaithe anois ag Babaró, an fhéile idirnáisiúnta ealaíon do ghasúir agus tá cuireadh faighte ag Fíbín taisteal go Baile Átha Cliath agus chuig an Danmhairg.**

**Tá Fíbín ag obair anois ar sheó nua do dhéagóirí – seó a bheas á léiriú acu os comhair na nGaeilgeoirí le linn an tSamhraidh agus a bheas á thabhairt ar chamchuairt acu thart timpeall iarbhunscoileanna na tíre sa bhFómhar.**



**Tuilleadh eolais:**
**Darach Ó Tuairisg**
**@ 087 2869925, nó 091 505926**
**(An Gabha agus a Ghasúir i mBaile Átha Cliath – Féach IMEACHTAÍ)**

**Tugadh tacaíocht don chomhlacht Fíbín faoi Scéim Fhorbairt na nEalaíon agus faoi ghnáthscéimeanna Údarás na Gaeltachta.**

## An tAgallamh: DIARMUID MAC LOCHLAINN, Ceoltóir agus Príomhfheidhmeannach Temple Bar Properties



**■ Cén uair a ghlac tú suim san ealaín?**

Ó bhí mé an-óg bhí ceol i gcónaí tigh s'againne – tá m'athair Joe Mór ag dul leis an cheol go fóill ar an fheadóg agus an harmonica agus thig leis ceol a bhaint as an fhidil fosta agus é 81 d'aois. Bhí suim mhór ag mo mháthair, Kate, sna healaíona rosc agus bhí lámh mhaith aici ar an phéintéireacht.

**■ Caidé do bharúil faoin díospóireacht atá ar siúl i láthair na huaire faoi na healaíona traidisiúnta?**

Is fiú díospóireacht i gcónaí! Seo an seans is fearr le críoch a chur leis na conspóidí agus na ráflaí agus an raiméis uilig a labhartar faoi na healaíona seo agus na daoine a bhfuil na healaíona seo mar ghairm nó mar chaitheamh aimsire nó mar chomhartha féiniúlachta acu. Rinne mé féin aighneacht don Choiste agus leag mé béim ar thábhacht na n-ealaíon Gaeltachta, mar a thug mé orthu, in aon iarracht teacht ar thuiscint nó ar shainmhíniú ar na healaíona dúchais.

Creidim nach dtig leat labhairt faoi na healaíona dúchais gan cultúr na Gaeltachta a bheith i lár báire. Is cultúr beo comhaimseartha é an cultúr seo ina bhfuil teanga, litríocht, ceol, damhsa agus amhránaíocht ársa na tíre seo, cultúr a bhfuil meas uirthi ar fud an domhain.

**■ Ar chóir don Chomhairle Ealaíon ról níos lárnaigh a bheith acu i bhforbairt na nEalaíon Dúchasach?**

Sílim go bhfuil gá le córas teagmhala níos fearr idir an Chomhairle Ealaíon agus muintir na n-ealaíon traidisiúnta agus ba mhaith an rud é dá dtiocfadh leis an Chomhairle Ealaíon tionchar níos leithne a bheith aici ar mhaoiniú agus ar fhorbairt na n-ealaíon seo.

**■ An bhfuil moltaí ar bith agat i dtaobh cuid oibre Ealaín na Gaeltachta?**

Sílim go bhfuil a lán bunoibre gníomhaíochta agus forbartha idir lámha anois agus go bhfuil eolas i bhfad níos fearr ar fáil anois faoin a bhfuil ag tarlú. Molaim Udarás na Gaeltachta as tacaíocht leanúnach a sholáthar an bhealach seo go dtí seo.

An rud is tábhachtaí, dar liomsa, ná córas sainiúil forbartha agus tacaíochta a chruthú atá fóirsteanach do riachtanais na Gaeltachta féin agus a bhfuil todhchaí chultúr na Gaeltachta mar phríomhaidhm bhunúsach aige. Creidim go gcaithfidh Ealaíon na Gaeltachta a bealach féin a leagan amach agus múnla forbartha dá cuid féin a chruthú. Ina dhiaidh sin beidh sé níos éascaí nascanna fadtéarmacha a chothú le heagraíochtaí agus le rannóga Stáit eile.

**■ An bhfuil tú ag baint suilt as do phost úr mar Phríomhfheidhmeannach ar Bharra an Teampaill?**

Sílim go bhfuil an t-ádh orm an post seo a bheith agam. Bíonn go leor brú orm ó ham go ham ach bainim sult mór as. Is maith liom bheith cóngarach do na healaíona agus nuair a thosaigh mé anseo bhí orm lear mor rudaí a fhoghlaim go gasta faoi chúrsaí dlí, maoin, foirgneamh, cíos, cáin agus polaitíocht áitiúil. Tá go leor de mo chuid spriocanna á mbaint amach agam anois - tá muid ag comhoibriú le 50-60 eagraíochtaí ealaíon sa cheantar le próifíl na n-ealaíon a ardú; tá mé ag cothú nascanna níos fearr idir TBP agus pobal agus cultúr na Gaeilge; tá muid tar éis lárionad eolais poiblí a oscailt le cúrsaí cultúir agus gnó sa cheantar a chur chun cinn; tá Plean Nua Forbartha don cheantar foilsithe againn ar na mallaibh agus d'aistrigh muid oifigigh le gairid.

Sin an chéad chaibidil!

**■ Is fidléir den scoth tú. An mbíonn tú ag seinm go minic i láthair na huaire?**

Bíonn cinnte – 'sé an ceol an rud is tábhachtaí i mo shaol (taobh amuigh do mo chéile Ursula Kennedy!) agus tá mé ag seinm i bhfad níos minicí na laethanta seo. Bhí go leor oícheanta fada ceoil againn leis na comharsana Dermot Byrne agus Mairéad Ní Mhaonaigh. Níl dúil agam sna seisiúin mhóra agus is fearr liom bheith ábalta éisteacht leis na ceoltóirí a mbím ag seinm leo.

**■ Cé is mó a raibh tionchar acu ar do chuid ceoil?**

Déarfainn ceol John Doherty, Frank Cassidy, Con Cassidy ó thaobh stíle agus teicníce. Agus Francie Dearg O'Beirn agus James Byrne – thug siadsan beirt stór mór ceoil domhsa agus tá mé faoi chomaoin acu.

**■ Plean ar bith agat dlúthdhiosca a thaifead?**

Tá, le fada agus tá an chuid is mo den cheol socraithe agam – níl le déanamh agam anois ach é a thaifead. Tá sé ar intinn agam seinm le mo dhearthair Joe (píobaire) agus cúpla cara eile.

**■ D'éirigh Patricia Quinn as a post mar Stiúrthóir ar an Chomhairle Ealaíon le gairid. An mbeadh suim agat sa post seo?**

Bhuel, tá an post sin ar cheann de na postanna is tábhachtaí i saol na n-ealaíon sa tír seo agus léifidh mé an fógra go géar!